



2024/2195

5.9.2024

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2195 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 4 Meán Fómhair 2024**

**lena gcinntear an fhormaid chun na tuarascálacha sonraí a chur isteach dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gás ceaptha teasa fhluaírinthe agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1191/2014 ón gCoimisiún**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2024 maidir le gás ceaptha teasa fhluaírinthe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 26(9), an dara fómhír,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1191/2014 <sup>(2)</sup> ón gCoimisiún bunaíodh an fhormaid don tuarascáil atá le cur isteach ag táirgeoirí, allmhaireoirí, onnmhaireoirí agus úsáideoirí áirithe gás ceaptha teasa fhluaírinthe i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>.
- (2) Ó shin, cuireadh Rialachán (AE) 2024/573 in ionad Rialachán (AE) Uimh. 517/2014. Le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/573 bunaítear oibleagáidí tuairiscithe nua a bhaineann le táirgeoirí, allmhaireoirí, onnmhaireoirí, agus úsáideoirí áirithe gás ceaptha teasa fhluaírinthe. Go háirithe, leathnaíodh liosta na ngás, an trealaimh ina bhfuil na gás sin agus na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis na gás sin.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1191/2014 a aisghairm.
- (4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um gháis ceaptha teasa fhluaírinthe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/573 bunaithe ar an bhformáid a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1191/2014.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>(1)</sup> IO L, 2024/573, 20.2.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/573/oj>.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1191/2014 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2014 lena leagtar síos an fhormaid agus an modh ina dtíolacfar an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gás ceaptha teasa fhluaírinthe (IO L 318, 5.11.2014, lch. 5, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg\\_impl/2014/1191/oj](http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/1191/oj)).

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le gás ceaptha teasa fhluaírinthe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 (IO L 150, 20.5.2014, lch. 195, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/517/oj>).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Meán Fómhair 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

## MÍNITHE GINEARÁLTA

Mura sonraítear a mhalairt sna ranna tuairiscithe den Iarscríbhinn seo, cumhdóidh na sonraí tuairiscithe gníomhaíochtaí an ghnóthais le linn na bliana féilire ar ina leith a chuirtear an tuarascáil isteach.

Maidir leis na haonaid tomhais, na gáis a chumhdaítear, an leibhéal mionsonraí agus léiriú ar an mbliain ina bhfuil gníomhaíochtaí le tuairisciú, déantar iad a shonrú ar leithligh i ngach roinn tuairiscithe.

Leagtar amach formáid ghinearálta na huirlise tuairiscithe sna ranna tuairiscithe seo a leanas.

Ranna tuairiscithe

**Roinn 1: Le líonadh isteach ag táirgeoirí gás - Airteagal 26(1), an chéad fhomhír, Airteagal 26(2) agus (3), de Rialachán (AE) 2024/573 agus pointe 1(a) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin**

Tuairisceofar cainníochtaí i dtónaí méadracha agus cruinneas go dtí an tríú hionad deachúil (más 5 nó níos mó é an ceathrú hionad deachúil, slánófar suas an tríú hionad deachúil, seachas sin slánófar síos é), ar leithligh i gcás gach gáis a liostaítear in Iarscríbhinní I, II nó III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573.

FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ		NÓTAÍ TRÁCHTA
1A	Cainníocht iomlán na táirgeachta ó shaoráidí san Aontas	Lena n-áirítear méideanna arna dtáirgeadh mar sheachtháirgí agus méideanna nár gabhadh.
1Aa	— de sin: Méideanna nár gabhadh	
	1A_a — de sin: Méideanna a scriosadh	Más gnóthas eile a dhéanann an scriosadh inlíne, ba cheart an gnóthas sin a shonrú. Déanfar tuarascálacha ó tháirgeoirí a dhéanann scrios ar na cainníochtaí iomlána a scriosadh i Roinn tuairiscithe 8.
CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH		
1Ab	— de sin: An méid iomlán a gineadh agus a gabhadh	1Ab = 1A - 1Aa
FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ		NÓTAÍ TRÁCHTA
	1B — de sin: Cainníocht na táirgeachta ó shaoráidí san Aontas arb éard atá iontu táirgí seachtháirgthe a aisghabháladh nó táirgí nach raibh éileamh orthu, i gcás inar scriosadh an seachtháirgeadh sin nó na táirgí sin sna saoráidí sular cuireadh ar an margadh iad	Déanfar tuarascálacha ó tháirgeoirí a dhéanann scrios ar na cainníochtaí iomlána a scriosadh i Roinn tuairiscithe 8.

	1C	— de sin: Cainníocht na táirgeachta ó shaoráidí san Aontas arb éard atá iontu táirgí seachtháirgthe a aisghabháladh nó táirgí nach raibh éileamh orthu, i gcás inar tugadh an seachtháirgeadh sin nó na táirgí sin ar láimh do ghnóthais eile lena scriosadh agus nár cuireadh ar an margadh roimhe iad	Sainnithneofar an gnóthas a dhéanann an scriosadh.
	1C_a	— de sin: Méideanna na hidreafluoracarbón a tháirgtear le haghaidh úsáidí mar bhunábhar laistigh den Aontas	Sonrófar an Ballstát ina mbainfeadh úsáid as an mbunábhar. Tuairisceofar an cineál úsáide bunábhair.
	1C_a1	— de sin: Gan gabháil roimh ré	Le tuairisciú le haghaidh HFC-23 amháin.
CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH			NÓTAÍ TRÁCHTA
	1C_a2	— de sin: Tar éis gabháil roimh ré	$1C_{a2} = 1C_a - 1C_{a1}$ , Arna ríomh le haghaidh HFC-23 amháin.
FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ			NÓTAÍ TRÁCHTA
	1C_b	— de sin: Méid na hidreafluoracarbón a tháirgtear le haghaidh úsáidí laistigh den Aontas atá díolmhaithe faoi Phrótocal Montréal;	Sonrófar an cineál úsáide díolmhaithe.
CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH			
	1D	— de sin: Cainníocht iomlán na táirgeachta dílse arna gabháil agus arna scriosadh agus nár cuireadh ar an margadh roimhe sin	$1D = 1B + 1C$
1E		Táirgeadh atá ar fáil lena chur ar mhargadh an Aontais	$1E = 1A - 1D - 1A_a$

**Roinn 2: Le líonadh isteach ag allmhairí gáis - Airteagal 26(1), an chéad fhomhír de Rialachán (AE) 2024/573 agus pointe 2(a) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin**

Tuairisceofar cainníochtaí i dtionála méadracha agus cruinneas go dtí an tríú hionad deachúil (más 5 nó níos mó é an ceathrú hionad deachúil, slánófar suas an tríú hionad deachúil, seachas sin slánófar síos é), ar leithligh i gcás gach gáis a liostaítear in Iarscríbhinní I, II nó III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, i gcás meascáin ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na gáis sin nó i gcás gach gáis nó meascáin atá i bpolóil réamhchumaiscthe allmhairithe. Déanfar cainníochtaí hidreafluoracarbón a thuairisciú ar leithligh do gach tír thionscnaimh, ach amháin i gcás ina léirítear a mhalairt sa tábla seo a leanas.

Ní thuairisceofar ach bulc-allmhairí sa Roinn seo, lena n-áirítear cainníochtaí a sheoltar taobh le trealamh chun an trealamh sin a luchtú tar éis a allmhairithe, ach ní thuairisceofar cainníochtaí atá i dtrealamh. Déanfar allmhairí gáis atá i dtáirgí nó i dtrealamh a thuairisciú faoi Roinn 11. Déanfar na hallmhairí uile a thuairisciú, cé is moite d'earraí atá á stóráil go sealadach.

	FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
2A	An méid iomlán a allmhairíodh isteach san Aontas	Na hallmhairí uile atá le tuairisciú cé is moite d'earraí atá á stóráil go sealadach.

	2B	— de sin: An méid a d'allmhairigh an gnóthas tuairiscithe isteach san Aontas, lena n-áirítear méideanna a ceannaíodh nó a fuarthas ó ghnóthais eile faoi nós imeachta custaim speisialta, nár scaoileadh i saorchúrsaíocht, agus a d'athonnmhairigh an gnóthas tuairiscithe atá i dtáirgí nó i dtrealamh	<p>Ní gá tuairisciú de réir tíre tionscnaimh.</p> <p>Bulcgháis arna n-allmhairiú le haghaidh próiseáil isteach, arna luchtú i dtáirgí nó i dtrealamh agus arna n-athonnmhairiú ina dhiaidh sin.</p> <p>I gcás nach ndéantar táirgí nó trealamh a athonnmhairiú (Roinn 2B) sa bhliain féilire chéanna ina ndéantar an t-allmhairiú nó an ceannach, féadfar ath-onnmhairiú i dtáirgí nó i dtrealamh na stoc an 1 Eanáir nár cuireadh ar mhargadh an Aontais mar a thuairiscítear i Roinn 4C a áireamh sna cainníochtaí a thuairiscítear i Roinn 2B.</p> <p>Sonrófar an cineál táirgí athonnmhairithe nó an cineál úsáide trealaimh athonnmhairithe.</p> <p>Ní thuairisceofar onnmhairí bulcgháis ach amháin i Roinn 3.</p>
	2C	— de sin: An méid hidreafluoracarbón a úsáideadh, a athchúrsáladh nó a aisghabháladh	
	2D	— de sin: An méid hidreafluoracarbón íon a allmhairíodh lena n-úsáid mar bhunábhar	Tuairisceofar an cineál úsáide bunábhair.
	2E	— de sin: An méid hidreafluoracarbón íon a allmhairíodh le haghaidh úsáidí atá díolmhaithe faoi Phrótacal Montréal;	Sonrófar an cineál úsáide díolmhaithe.
	2F	— de sin: An méid hidreafluoracarbón atá i bpolóil réamhchumaiscthe	
2G		Méideanna faoi nósanna imeachta custaim speisialta, arna gceannach/arna bhfáil ó ghnóthais eile	<p>Áirítear leis méideanna arna n-allmhairiú ag gnóthais eile, ach nár cuireadh ar an margadh acu.</p> <p>Ní gá tuairisciú de réir tíre tionscnaimh.</p>
	2H	Méideanna faoi nósanna imeachta custaim speisialta a díoladh le gnóthais eile nó a soláthraíodh dóibh	<p>Díolacháin méideanna a thuairiscítear in 2A agus/nó 2G, i gcás nár chuir an gnóthas tuairiscithe ar an margadh iad.</p> <p>Ní gá tuairisciú de réir tíre tionscnaimh.</p> <p>Sonrófar an gnóthas/na gnóthais a fhaigheann méideanna tuairiscithe.</p>
	2I	Méid a astaíodh faoi nósanna imeachta custaim speisialta	<p>Astaíochtaí ó mhéideanna a thuairiscítear in 2A agus/nó 2G, i gcás nár chuir an gnóthas tuairiscithe ar an margadh iad.</p> <p>Ní gá tuairisciú de réir tíre tionscnaimh.</p> <p>Soláthrófar míniú ar na hastaíochtaí.</p>

**Roinn 3: Le líonadh ag onnmhaireoirí gás - Airteagal 26(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2024/573 agus pointe 3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin**

Tuairisceofar cainníochtaí i dtionáí méadracha agus cruinneas go dtí an tríú hionad deachúil (más 5 nó níos mó é an ceathrú hionad deachúil, slánófar suas an tríú hionad deachúil, seachas sin slánófar síos é), ar leithligh i gcás gach gáis a liostaítear in Iarscríbhinní I, II nó III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, i gcás meascáin ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na gáis sin nó i gcás gach gáis nó meascáin atá i bpolóil réamhchumaiscthe onnmhairithe. Déanfar cainníochtaí hidreafluoracarbón a thuairisciú ar leithligh do gach tír cinn scríbe, ach amháin i gcás ina léirítear a mhalairt sa tábla seo a leanas.

Ní thuairisceofar faoin Roinn seo ach onnmhairí bulcghás, lena n-áirítear aon chainníocht a sheoltar taobh le trealamh chun an trealamh sin a luchtú tar éis a onnmhairithe.

Cainníochtaí ó tháirgeadh dílis arna soláthar do ghnóthais eile san Aontas le haghaidh onnmhairiú díreach, nó allmhairí dílse arna scaoileadh i saorchúrsaíocht agus arna n-onnmhairiú ag an allmhaireoir féin nó arna soláthar do ghnóthais eile san Aontas le haghaidh onnmhairiú díreach, déanfar iad a thuairisciú i Roinn tuairiscithe 5.

FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ		NÓTAÍ TRÁCHTA
3A	An méid iomlán a onnmhairíodh ón Aontas	
3B	— de sin: Onnmhairiú méideanna nach gcuirtear ar an margadh	Áireofar leis sin méideanna a onnmhairítear ó tháirgeadh dílis nár cuireadh ar an margadh, ó allmhairí dílse nár cuireadh ar an margadh agus ó mhéideanna a ceannaíodh faoi nósanna imeachta custaim speisialta agus nár cuireadh ar an margadh sular onnmhairíodh iad.  Ní gá tuairisciú de réir tíre cinn scríbe.
CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH		
3C	— de sin: An méid onnmhairithe a ceannaíodh ó ghnóthais eile laistigh den Aontas	$3C = 3A - 3B$
FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ		NÓTAÍ TRÁCHTA
3G	— de sin: An méid hidreafluoracarbón a úsáideadh, a athchúrsáladh nó a aisghabháladh agus a onnmhairíodh	
3H	— de sin: An méid hidreafluoracarbón íon a onnmhairíodh lena n-úsáid mar bhunábhar	Tuairisceofar an cineál úsáide bunábhair.
3I	— de sin: An méid hidreafluoracarbón íon a onnmhairíodh le haghaidh úsáidí atá díolmhaithe faoi Phrótacal Montréal	Sonrófar an cineál úsáide díolmhaithe.
3J	— de sin: An méid hidreafluoracarbón atá i bpolóil réamhchumaiscthe	

**Roinn 4: Le líonadh isteach ag táirgeoirí agus allmhairioirí gás agus ag gnóthais a aisghabhann gás - Airteagal 26(1), an chéad fhomhír agus Airteagal 26(6) de Rialachán (AE) 2024/573 agus pointí 1(d), 2(b), 8(a) agus 8(b), d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin**

Tuairisceofar cainníochtaí i dtonaí méadracha agus cruinneas go dtí an tríú hionad deachúil (más 5 nó níos mó é an ceathrú hionad deachúil, slánófar suas an tríú hionad deachúil, seachas sin slánófar síos é), ar leithligh i gcás gach gáis a liostaítear in Iarscríbhinn I, II nó III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573 nó i gcás meascáin ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na gáis sin nó i gcás gach gáis nó meascáin atá i bpolóil réamhchumaiscthe.

FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ		NÓTAÍ TRÁCHTA
4A	Stoic iomlána an 1 Eanáir	Tuairisceofar gach stoc san Aontas. Ní áireofar leis sin earraí atá á stóráil go sealadach.
4Aa	— de sin: Stoic an 1 Eanáir de chainníochtaí atá ag feitheamh lena n-aisghabháil	Le tuairisciú ag gnóthais a aisghabhann gás, agus ag na gnóthais sin amháin.
4B	— de sin: Stoic an 1 Eanáir de chainníochtaí óna n-allmhairiú nó óna dtáirgeadh dílis féin nó óna gceannacháin dhílse féin faoi nósanna imeachta custaim speisialta	
4C	— de sin: Stoic an 1 Eanáir de chainníochtaí óna n-allmhairiú nó óna dtáirgeadh dílis féin nó óna gceannacháin dhílse féin faoi nósanna imeachta custaim speisialta, nár cuireadh ar an margadh roimhe	Go háirithe táirgeadh dílis nár díoladh agus allmhairí dílse nár scaoileadh i saorchúrsaíocht.
CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH		
4D	— de sin: Stoic an 1 Eanáir de chainníochtaí óna n-allmhairiú nó óna dtáirgeadh dílis féin nó óna gceannacháin dhílse féin nó faoi nósanna imeachta custaim speisialta, a cuireadh ar an margadh roimhe	Go háirithe allmhairí dílse a scaoileadh i saorchúrsaíocht. 4D = 4B – 4C
4E	— de sin: Stoic eile an 1 Eanáir	Go háirithe ó cheannacháin laistigh den Aontas. 4E = 4A – 4B
FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ		NÓTAÍ TRÁCHTA
4F	Stoic iomlána an 31 Nollaig	Tuairisceofar gach stoc san Aontas. Ní áireofar leis sin earraí atá á stóráil go sealadach.
4Fa	— de sin: Stoic an 31 Nollaig de chainníochtaí atá ag feitheamh lena n-aisghabháil	Le tuairisciú ag gnóthais a aisghabhann gás, agus ag na gnóthais sin amháin.
4G	— de sin: Stoic an 31 Nollaig de chainníochtaí óna n-allmhairiú nó óna dtáirgeadh dílis féin nó óna gceannacháin dhílse féin faoi nósanna imeachta custaim speisialta	
4H	— de sin: Stoic an 31 Nollaig de chainníochtaí óna n-allmhairiú nó óna dtáirgeadh dílis féin nó óna gceannacháin dhílse féin faoi nósanna imeachta custaim speisialta, nár cuireadh ar an margadh roimhe	Go háirithe táirgeadh dílis nár díoladh nó allmhairí dílse nár scaoileadh i saorchúrsaíocht.

	CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH		
	4I	— de sin: Stoic an 31 Nollaig de chainníochtaí óna n-allmhairiú nó óna dtáirgeadh dílis féin nó óna gceannacháin dhílse féin faoi nósanna imeachta custaim speisialta, a cuireadh ar an margadh roimhe	Go háirithe allmhairiú dílse a scaoiltear i saorchúrsaíocht. $4I = 4G - 4H$
	4J	— de sin: Stoic eile an 31 Nollaig	Go háirithe ó cheannacháin laistigh den Aontas. $4J = 4F - 4G$
	FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ		NÓTAÍ TRÁCHTA
4K	An méid arna aisghabháil ag an ngnóthas féin		
	CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH		
4M	An méid iomlán a chuirtear ar an margadh go fisiciúil		$4M = 1E + 2A - 2B + 2G - 2H - 2I - 3B + 4C - 4H$

**Roinn 5: Cainníochtaí le haghaidh úsáidí atá díolmhaithe faoi Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/573 agus chun análóirí dáileoige méadráithe a tháirgeadh chun comhábhair chógaisíochta a sheachadadh, atá le líonadh isteach ag táirgeoirí agus allmhaireoirí hidreafluarcarbón - Airteagal 26(1), an chéad fhomhír, Airteagal 26(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2024/573 agus pointí 1(c) agus 2(a) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin**

Tuairisceofar cainníochtaí i dtوناí méadracha agus cruinneas go dtí an tríú hionad deachúil (más 5 nó níos mó é an ceathrú hionad deachúil, slánófar suas an tríú hionad deachúil, seachas sin slánófar síos é), ar leithligh i gcás gach hidreafluarcarbóin (i gcás gás a liostaítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, i gcás meascán nó polóil réamhchumaiscthe ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na gáis sin).

	FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
5A	Cainníocht a allmhairíodh isteach san Aontas lena scriosadh	Sonrófar an gnóthas/na gnóthais a dhéanann an scriosadh. I Roinn tuairiscithe 8, déanfar tuarascálacha ó allmhaireoirí a dhéanann scriosadh iad féin freisin maidir leis na cainníochtaí a scriosadh.
5B	Cainníocht a úsáideann táirgeoir nó allmhaireoir i bhfeidhmeanna bunábhair nó a sholáthraíonn táirgeoir nó allmhaireoir go díreach chuig gnóthais lena n-úsáid mar bhunábhar	Sonrófar an gnóthas/na gnóthais a úsáideann an bunábhar. Tuairisceofar an cineál úsáide bunábhair. Déanfar tuarascálacha ó tháirgeoirí nó ó allmhaireoirí ar úsáideoirí bunábhair iad féin freisin maidir lena n-úsáid mar bhunábhar i Roinn tuairiscithe 7.
5C	An chainníocht a sholáthraítear go díreach do ghnóthais le honnmhairiú amach as an Aontas, i gcás nach gcuirfear na cainníochtaí sin ar fáil ina dhiaidh sin do pháirtí eile laistigh den Aontas roimh onnmhairiú	Déanfar cainníochtaí a scaoileann gnóthais i saorchúrsaíocht agus a onnmhairíonn siad féin go díreach a thuairisciú anseo freisin. Tugtar dá aire nach mór na gáis uile atá le tuairisciú anseo a bheith lipéadaithe mar 'le honnmhairiú go díreach amach as an Aontas amháin' tráth an scaoilte i saorchúrsaíocht i gcomhréir le hAirteagal 12(9) de Rialachán (AE) 2024/573. Na cainníochtaí arna n-allmhairiú faoi nósanna imeachta custaim speisialta agus arna ndíol le gnóthais eile nó arna soláthar dóibh le linn na nósanna imeachta sin le haghaidh ath-onnmhairiú, ní thuairisceofar ach iad sin amháin i roinn 2H.



		<p>Sonrófar an gnóthas onnmhairiúcháin/na gnóthais onnmhairiúcháin.</p> <p>Ba cheart doiciméid fíorúcháin a sholáthar.</p> <p>Ní dhéanfar ach hidreafluoracarbóin i mbulc a thuairisciú, ach ní dhéanfar cainníochtaí atá i dtáirgí nó i dtrealamh a thuairisciú.</p>
5D	Cainníocht arna soláthar go díreach lena húsáid i dtrealamh míleata	Sonrófar an gnóthas a fhaigheann an chainníocht le húsáid i dtrealamh míleata.
5E	Cainníocht a sholáthraítear go díreach do ghnóthas atá á n-úsáid le heitseáil ábhair leathsheoltaigh nó le glanadh deascadh ceimiceach gaile san earnáil mhonaraithe leathsheoltaigh	Sonrófar an monaróir leathsheoltóra is faighteoir.
5F	Cainníocht a sholáthraítear go díreach do ghnóthas a tháirgeann análóirí dáileoige méadráithe chun comhábhair chógaisíochta a sheachadadh	Sonrófar an táirgeoir is faighteoir análóirí dáileoige méadráithe chun comhábhair chógaisíochta a sheachadadh.

**Roinn 5a: Cainníochtaí le haghaidh úsáidí atá díolmhaithe faoi Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/573 agus chun análóirí dáileoige méadráithe a tháirgeadh chun comhábhair chógaisíochta a sheachadadh, atá le líonadh isteach ag faighteoirí hidreafluoracarbón - Airteagal 26(5) de Rialachán (AE) 2024/573 agus pointe 7 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin**

Tuairisceofar cainníochtaí i dtonaí méadracha agus cruinneas go dtí an tríú hionad deachúil (más 5 nó níos mó é an ceathrú hionad deachúil, slánófar suas an tríú hionad deachúil, seachas sin slánófar síos é), ar leithligh i gcás gach hidreafluoracarbóin (i gcás gás a liostaítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, i gcás meascán nó polóil réamhchumaiscthe ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na gáis sin).

	FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
5aD	Cainníocht atá díolmhaithe faoi Airteagal 16(2), a fuarthas lena húsáid i dtrealamh míleata go díreach ó allmhaireoir nó ó tháirgeoir	
5aE	Cainníocht atá díolmhaithe faoi Airteagal 16(2), a fuarthas le haghaidh eitseáil ábhair leathsheoltaigh nó glanadh cuasán deasctha gaile ceimicí laistigh den earnáil mhonaraithe leathsheoltaigh go díreach ó allmhaireoir nó ó tháirgeoir	
5aF	Cainníocht a fuarthas chun análóirí dáileoige méadráithe a tháirgeadh chun comhábhair chógaisíochta a sheachadadh go díreach ó allmhaireoir nó ó tháirgeoir	

**Roinn 6: Catagóirí cur i bhfeidhm gás le haghaidh mhargadh an Aontais, atá le líonadh isteach ag táirgeoirí agus allmhaireoirí gás - Airteagal 26(1), an chéad fhomhír, Airteagal 26(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2024/573 agus pointí 1(b) agus 2(a) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin**

Tuairisceofar cainníochtaí i dtionála méadracha agus cruinneas go dtí an tríú hionad deachúil (más 5 nó níos mó é an ceathrú hionad deachúil, slánófar suas an tríú hionad deachúil, seachas sin slánófar síos é), ar leithligh i gcás gach gáis a liostaítear in Iarscríbhinn I, II nó III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573 nó meascán ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na gáis sin.

	FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
6A	Onnmhairiú	I gcás hidreafluoracarbón, is éard a bheidh sa mhéid a thuairiscítear anseo (6A) an méid céanna nó méid níos airde ná an méid a thuairiscítear i Roinn tuairiscithe 5, mar mhéid a sholáthraítear go díreach do ghnóthais lena n-onnmhairiú amach as an Aontas, i gcás nár cuireadh na cainníochtaí sin ar fáil ina dhiaidh sin d'aon pháirtí eile laistigh den Aontas, roimh onnmhairiú a thuairiscítear faoi 5C.
6B	Scríosadh	Maidir le hidreafluoracarbóin, an méid a thuairiscítear anseo (6B), beidh sé níos airde ná an méid a thuairiscítear i Roinn tuairiscithe 5 nó cothrom leis, faoi mar a allmhairítear isteach san Aontas lena scríosadh agus a thuairiscítear faoi 5A.
6C	Trealamh míleata	Maidir le hidreafluoracarbóin, an méid a thuairiscítear anseo (6C), beidh sé níos airde ná an méid a thuairiscítear i Roinn tuairiscithe 5 nó cothrom leis, faoi mar a sholáthraítear go díreach lena n-úsáid i dtrealamh míleata agus a thuairiscítear faoi 5D.
6D	Cuisniú, aerchóiriú agus teaschaidéil	
6E	Sreabháin eile aistrithe teasa	
6F	Táirgeadh cúr	
6G	Táirgeadh polól réamhchumaiscthe	
6H	Cosaint ar dhóiteáin	
6I	Aerasóil — análóirí dáileoige méadrathie	I gcás hidreafluoracarbón, beidh an méid a thuairisceofar anseo (6I) cothrom leis an méid a thuairiscítear i Roinn tuairiscithe 5, nó níos airde ná é, faoi mar a sholáthraítear go díreach do ghnóthas a tháirgeann análóirí dáileoige méadrathie chun comhábhair chógaisíochta a sholáthar (5F).
6J	Aerasóil — úsáidí eile	
6K	Tuaslagóirí	
6L	Bunábhar	I gcás hidreafluoracarbón, beidh an méid a thuairiscítear anseo [6L] cothrom leis an méid a thuairiscítear i roinn tuairiscithe 5, nó níos airde ná é, faoi mar a úsáideann táirgeoir nó allmhaireoir i bhfeidhmeanna bunábhair nó a sholáthraíonn táirgeoir nó allmhaireoir go díreach do ghnóthais lena n-úsáid i bhfeidhmeanna bunábhair (5B). Tuairisceofar an cineál úsáide bunábhair.

6M		Monarú leathsheoltóirí	I gcás hidreafluoracarbón, beidh an méid a thuiriscítear anseo [6M] cothrom leis an méid a thuiriscítear i roinn tuairiscithe 5, nó níos airde ná é, faoi mar a sholáthraítear go díreach do ghnóthas atá á úsáid le heitseáil ábhair leathsheoltóra nó le glanadh cuasán deascha gaile ceimicí laistigh den earnáil monaraithe leathsheoltóirí [5E].
6N		Monarú fótvoltachais	
6O		Monarú leictreonaice eile	
6P		Lascfhreamh leictreach	
6Q		Luasairí cáithníní	
6R		Oibríochtaí teilgthe díslé maignéisiam	
		CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO hUATHOIBRÍOCH	
6S		Ainéistéisic	6S = 6S1+6S2
		FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
	6S1	Ainéistéisigh lena n-úsáid ag an duine	
	6S2	Ainéistéisigh le haghaidh úsáid tréidliachta	
6T		Feidhm eile nó feidhm anaithnid	Sonrófáir feidhm/feidhmeanna eile, agus míneoidh an tuairisceoir aon feidhm anaithnid.
6U		Sceitheadh le linn stórála, iompair nó aistriú, agus astaíochtaí a tharlaíonn ag an táirgeadh	I gcás ina dtuiriscítear cainníochtaí den sórt sin, tabharfar míniú.
6V		Coigeartuithe cuntasáiochta	I gcás ina dtuiriscítear cainníochtaí den sórt sin, tabharfar míniú.
		CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO hUATHOIBRÍOCH	
6W		Cainníochtaí iomlána le haghaidh na gcatagóirí feidhmeanna	6W = 6A + 6B + 6C + 6D + 6E + 6F + 6G + 6H + 6I + 6J + 6K + 6L + 6M + 6N + 6O + 6P + 6Q + 6R + 6S + 6T + 6U + 6V Má thuiriscítear sonraí i gceart, ansin comhfhreagróidh na cainníochtaí iomlána le haghaidh na gcatagóirí feidhmeanna (6W) don chainníocht iomlán ríofa a sholáthraítear do mhargadh an Aontais (6X).
6X		Cainníocht iomlán arna soláthar do mhargadh an Aontais	6X = 1E + 2A + 2G – 2H – 3B + 4B – 4G + 4K

**Roinn 7: Le líonadh isteach ag úsáideoirí bunábhair gás - Airteagal 26(3) de Rialachán (AE) 2024/573 agus pointe 5 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin**

Tuairisceofar cainníochtaí i dtionála méadracha agus cruinneas go dtí an tríú hionad deachúil (más 5 nó níos mó é an ceathrú hionad deachúil, slánófar suas an tríú hionad deachúil, seachas sin slánófar síos é), ar leithligh i gcás gach gáis a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573 nó meascán ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na gáis sin.

Ní thuairisceofar sa Roinn seo ach cainníochtaí a úsáidtear go hiarbhir mar bhunábhar.

I gcás inar tháirg nó inar allmhairigh an gnóthas, agus iad á n-úsáid mar bhunábhar, hidreafluoracarbóin (gáis a liostaítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573 nó meascán ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na gáis sin), déanfar na cainníochtaí a úsáideadh a thuairisciú freisin i Roinn 5. I gcás inar tháirg an gnóthas hidreafluoracarbóin agus iad á n-úsáid mar bhunábhar, déanfar na cainníochtaí a úsáideadh a thuairisciú freisin i Roinn 1. I gcás inar tháirg nó inar allmhairigh gnóthas hidreafluoracarbóin agus inar dhíol sé iad ina dhiaidh sin lena n-úsáid mar bhunábhar le gnóthais eile, ní thuairisceofar na cainníochtaí a soláthraíodh sa Roinn seo, ach i Roinn tuairiscithe 5 amháin, agus sonrófar an gnóthas a úsáideann an bunábhar, agus i gcás táirgeoirí tuairisceofar iad sin i Roinn 1 tuairiscithe freisin, agus sonrófar an Ballstát ina n-úsáidtear an bunábhar sin.

	FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
7A	An méid a úsáideann an gnóthas féin mar bhunábhar	Tuairisceofar an cineál úsáide bunábhair.
	7A_a de sin: méid na n-íonghás	Le tuairisciú le haghaidh HFC-23 amháin.

**Roinn 8: Le líonadh isteach ag gnóthais a scrios gáis - Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2024/573 agus pointe 4 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin**

Tuairisceofar cainníochtaí i dtionála méadracha agus cruinneas go dtí an tríú hionad deachúil (más 5 nó níos mó é an ceathrú hionad deachúil, slánófar suas an tríú hionad deachúil, seachas sin slánófar síos é), ar leithligh i gcás gach gás ceaptha teasa fluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I, II nó III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573 nó meascán ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na gáis sin.

I gcás hidreafluoracarbón, sonrófar an teicneolaíocht scríosta a formheasadh faoi Phrótacal Montréal, agus idirdhealú a dhéanamh idir foinsí tiubhaithe (amhail cuisneáin aisghafa) agus foinsí caolaithe (amhail sruthanna dramhaíola ina bhfuil cúir).

Tuairisceofar na cainníochtaí iomlána a scrios na gnóthais tuairiscithe féin. Tabharfaidh gnóthais ar táirgeoirí iad tuairisc freisin ar na cainníochtaí dá dtáirgeacht féin a scriosadh, le linn dóibh Roinn 1 a thuairisciú.

Na gnóthais ar allmhairí hidreafluoracarbón iad (gáis a liostaítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, nó meascán ina bhfuil ceann amháin de na gáis sin ar a laghad), tuairisceoidh siad freisin cainníochtaí a n-allmhairí féin a scriosadh, i Roinn tuairiscithe 5.

Na cainníochtaí a sheoltar lena scriosadh chuig gnóthais eile san Aontas, ní dhéanfar iad a thuairisciú sa Roinn seo. Déanfar cainníochtaí a onnmhairíodh lena scriosadh lasmuigh den Aontas a thuairisciú i Roinn 3G.

	FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
8_A	An méid a scrios an chuideachta tuairiscithe agus úsáid a bhaint as ocsaídiú teirm-each	I gcás hidreafluoracarbón, sonrófar an teicneolaíocht scríosta a formheasadh faoi Phrótacal Montréal, agus idirdhealú á dhéanamh idir foinsí tiubhaithe agus caolaithe.

	8_A_a	— de sin: méid na n-íonghás a scriosadh (lena n-áirítear méideanna arna dtáirgeadh mar sheachtháirgí agus arna scriosadh)	Le tuairisciú le haghaidh HFC-23 amháin. Sonrófar an teicneolaíocht scriosta a formheasadh faoi Phrótacal Montréal, agus idirdhealú á dhéanamh idir foinsí tiubhaithe agus caolaithe.
8_Ba	An méid a scrios an chuideachta tuairiscithe agus úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí plasma		I gcás hidreafluarcarbón, sonrófar an teicneolaíocht scriosta a formheasadh faoi Phrótacal Montréal, agus idirdhealú á dhéanamh idir foinsí tiubhaithe agus caolaithe.
	8_Ba_a	— de sin: méid na n-íonghás a scriosadh (lena n-áirítear méideanna arna dtáirgeadh mar sheachtháirgí agus arna scriosadh)	Le tuairisciú le haghaidh HFC-23 amháin. Sonrófar an teicneolaíocht scriosta a formheasadh faoi Phrótacal Montréal, agus idirdhealú á dhéanamh idir foinsí tiubhaithe agus caolaithe.
8_Bb	An méid a scrios an chuideachta tuairiscithe agus úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí comhshó (nó neamhloisthe)		I gcás hidreafluarcarbón, sonrófar an teicneolaíocht scriosta a formheasadh faoi Phrótacal Montréal, agus idirdhealú á dhéanamh idir foinsí tiubhaithe agus caolaithe.
	8_Bb_a	— de sin: méid na n-íonghás a scriosadh (lena n-áirítear méideanna arna dtáirgeadh mar sheachtháirgí agus arna scriosadh)	Le tuairisciú le haghaidh HFC-23 amháin. Sonrófar an teicneolaíocht scriosta a formheasadh faoi Phrótacal Montréal, agus idirdhealú á dhéanamh idir foinsí tiubhaithe agus caolaithe.
8_C	An méid a scrios an chuideachta tuairiscithe agus úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí eile		I gcás hidreafluarcarbón, sonrófar an teicneolaíocht scriosta a formheasadh faoi Phrótacal Montréal, agus idirdhealú á dhéanamh idir foinsí tiubhaithe agus caolaithe.  I gcás gáis scriosta eile, seachas hidreafluarcarbóin, sonrófar na teicneolaíochtaí scriosta a úsáidtear.
	8_C_a	— de sin: méid na n-íonghás a scriosadh (lena n-áirítear méideanna arna dtáirgeadh mar sheachtháirgí agus arna scriosadh)	Le tuairisciú le haghaidh HFC-23 amháin. Sonrófar an teicneolaíocht scriosta a formheasadh faoi Phrótacal Montréal, agus idirdhealú á dhéanamh idir foinsí tiubhaithe agus caolaithe.
CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH			
8_D	An méid a scrios an chuideachta tuairiscithe féin		$8_D = 8_A + 8_Ba + 8_Bb + 8_C$
	8_D_a	— de sin: méid na n-íonghás a scriosadh (lena n-áirítear méideanna arna dtáirgeadh mar sheachtháirgí agus arna scriosadh)	I gcás HFC-23 amháin $8_D_a = 8_A_a + 8_Ba_a + 8_Bb_a + 8_C_a$
FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ			NÓTAÍ TRÁCHTA
8_E	Stoic an 1 Eanáir atá ag feitheamh lena scriosadh		
8_F	stoic an 31 Nollaig a bhfuil sé beartaithe iad a scriosadh agus iad ag feitheamh lena ndíothú		

**Roinn 11: Le líonadh isteach ag gnóthais a chuir gáis ar an margadh atá i dtáirgí nó i dtrealamh nó i gcodanna díobh de bhun Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2024/573 - Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2024/573 agus pointe 6 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin**

Déanfar cainníochtaí gás ceaptha teasa fluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I, II nó III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573 nó meascáin ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na gáis sin atá sna táirgí agus sa trealamh nó i gcodanna díobh a thuairisciú i dtonaí méadracha agus cruinneas acu go dtí an tríú hionad deachúil (más 5 nó níos mó é an ceathrú hionad deachúil, slánófar suas an tríú hionad deachúil, seachas sin slánófar síos é), de réir catagóire. De bhreis ar chainníocht iomlán na ngás, tuairisceofar an líon aonad in aghaidh na catagóire, mura sonraítear a mhalairt. Maidir le roinn 11\_M, tagróidh an líon aonad don líon aonad feidhmiúil agus déanfar tuairisciú air leis na cainníochtaí substaintí gaolmhara.

Na táirgeoirí táirgí nó trealamh nó codanna díobh a mhonaraítear san Aontas, ní thuairisceoidh siad ar tháirgí agus ar threalamh nó ar chodanna díobh i gcás inar allmhairíodh na gáis atá iontu isteach san Aontas nó i gcás inar táirgeadh san Aontas iad roimhe sin. I gcás ina dtáirgeann táirgeoir féin bulcghás san Aontas lena úsáid san Aontas chun a tháirgí agus a threalamh nó codanna díobh a mhonarú, cumhdófar na méideanna ábhartha gáis freisin ina thuairisciú ar tháirgeadh (Roinn Tuairiscithe 1), ionas nach dtuairisceofar na méideanna sin sa Roinn seo, ach i Roinn tuairiscithe 1.

Allmhaireoirí táirgí nó trealamh nó codanna díobh ina bhfuil gás ceaptha teasa fluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, tuairisceoidh siad ar an ngás uile ina bhfuil allmhairí arna scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas ag lucht custaim. Ní thuairisceofar allmhairí polól réamhchumaiscthe sa Roinn seo, ach i Roinn 2 amháin.

Maidir le hidreafluoracarbóin (gáis a liostaítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573 nó meascáin ina bhfuil ceann amháin de na gáis sin ar a laghad) atá i dtrealamh cuisniúcháin, aerchóiriúcháin nó i dteaschaidéil allmhairithe nó in anáilóirí dáileoige méadrachthe allmhairithe chun comhábhair chógaisíochta a sheachadadh, i gcás ina ndearnadh iad a onnmhairiú ón Aontas roimhe sin, agus ina raibh siad faoi réir theorainn an chuóta hidreafluoracarbón maidir lena gcur ar mhargadh an Aontais, déanfar an méid sin a thuairisciú i Roinn tuairiscithe 12 chun comhlíonadh Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2024/573 a chruthú. I gcás inar cuireadh trealamh cuisniúcháin, trealamh aerchóiriúcháin nó teaschaidéil allmhairithe nó codanna díobh nó anáilóirí dáileoige méadrachthe allmhairithe chun comhábhair chógaisíochta ina bhfuil hidreafluoracarbóin a sheachadadh ar mhargadh an Aontais roimhe sin (lena n-áirítear lucht hidreafluoracarbóin) agus gur onnmhairíodh ón Aontas ina dhiaidh sin é roimh ath-allmhairiú, tuairisceofar sin i Roinn tuairiscithe 12a chun comhlíonadh Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2024/573 a chruthú. Sna catagóirí táirgí nó trealamh seo a leanas, nó codanna díobh, tá comhpháirteanna atá beartaithe don táirge sonraithe sin nó do na catagóirí trealamh sonraithe sin.

I gcás ina ndéantar tagairt don toilleadh ainmniúil agus inar féidir feidhmeanna éagsúla a bheith ag an trealamh, tagraíonn an toilleadh ainmniúil do phríomhfheidhm an trealamh.

I gcás ina mbunaítear, le reachtaíocht maidir le héicidhearthóireacht arna glacadh faoi Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(1)</sup>, modh chun toilleadh ainmniúil trealamh a ríomh, úsáidfean an modh sin.

				CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH	NÓTAÍ TRÁCHTA
11_A				Trealamh aerchóiriúcháin agus teaschaidéil do-ais-trithe, seachas fuaraitheoirí	Tuairisceofar fuaraitheoirí a thagann faoin sainmhíniú in Airteagal 3, pointe (44) de Rialachán (AE) 2024/573 i Roinn 11_C. Meastar go dtagann fuaraitheoirí inchúlaithe faoin gcatagóir seo agus tuairisceofar anseo iad (11_A). 11_A = 11_A1 + 11_A2

<sup>(1)</sup> Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (IO L 285, 31.10.2009, p. 10, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/125/oj>) (níl leagan Gaeilge ann).

	11_A1			— de sin: Trealamh féinchuimsitheach	Trealamh dá dtagraítear i bpointe (8) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, gan beann ar acmhainneacht téimh dhomhanda na ngás imshrianta.  Áirítear leis sin aonaid mhonabloc agus trealamh is féidir leis an úsáideoir deiridh a bhogadh idir seomraí, lena n-áirítear córais roinnte iniompartha.  $11\_A1 = 11\_A1a + 11\_A1b + 11\_A1c$
		11_A1a		— de sin: ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil de suas le 12 kW agus an toilleadh sin san áireamh	Trealamh dá dtagraítear i bpointí 8(a), 8(b) agus 8(c), d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, gan beann ar acmhainneacht téimh dhomhanda na ngás imshrianta.  $11\_A1a = 11\_A1a1 + 11\_A1a2 + 11\_A1a3 + 11\_A1a4$
				FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
			11_A1a1	— de sin: córais aer go haer	
			11_A1a2	— de sin: córais aer go huisce	
			11_A1a3	— de sin: córais talamh go huisce	
			11_A1a4	— de sin: córais eile	Sonrófar an cineál córais.
				CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH	
		11_A1b		— de sin: ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil de níos mó ná 12 kW ach gan bheith níos mó ná 50 kW	Trealamh dá dtagraítear i bpointí 8(d), d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, gan beann ar acmhainneacht téimh dhomhanda na ngás imshrianta.  $11\_A1b = 11\_A1b1 + 11\_A1b2 + 11\_A1b3 + 11\_A1b4$
				FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
			11_A1b1	— de sin: córais aer go haer	
			11_A1b2	— de sin: córais aer go huisce	
			11_A1b3	— de sin: córais talamh go huisce	
			11_A1b4	— de sin: córais eile	Sonrófar an cineál córais.
				CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH	
		11_A1c		— de sin: ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil de níos mó ná 50 kW	Trealamh dá dtagraítear i bpointí 8(e), d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, gan beann ar acmhainneacht téimh dhomhanda na ngás imshrianta.  $11\_A1c = 11\_A1c1 + 11\_A1c2 + 11\_A1c3 + 11\_A1c4$

				FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
			11_A1c1	— de sin: córais aer go haer	
			11_A1c2	— de sin: córais aer go huisce	
			11_A1c3	— de sin: córais talamh go huisce	
			11_A1c4	— de sin: córais eile	Sonrófar an cineál córais.
				CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH	
	11_A2			— de sin: trealamh de chineál roinnte	Trealamh dá dtagraítear i bpointí 9, d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, gan beann ar acmhainneacht téimh dhomhanda na ngás imshrianta.  Áirítear leis teaschaidéal duchta dúbailte seasta agus trealamh aer-chóiriúcháin dá dtagraítear i bhfonóta (1) a ghabhann le pointe 9 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573.  Níl córais roinnte iniompartha le tuairisciú in 11_A2 anseo, ach sa chatagóir ábhartha faoi 11_A1.  $11A2 = 11\_A2a + 11\_A2b$
		11_A2a		— de sin: ag a bhfuil uastoilleadh ráitithe de suas le 12 kW agus an toilleadh sin san áireamh	$11\_A2a = 11\_A2a1 + 11\_A2a2 + 11\_A2a3$
			11_A2a1	— de sin: Córais aonair roinnte, seachas córais sreafa cuisneáin inathraithe 'SCI')	Déanfar córais SCI ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil de suas le 12 kW agus an toilleadh sin san áireamh a thuairisciú i Roinn 11_A2a3.  $11\_A2a1 = 11\_A2a1i + 11\_A2a1ii + 11\_A2a1iii$
				FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
			A2a1i	— de sin: córais roinnte aer go haer	
			A2a1ii	— de sin: córais roinnt aer go huisce	
			A2a1iii	— de sin: córais aonair roinnte eile	Sonrófar an cineál córais.
				CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH	
			11_A2a2	— de sin: córais ilroinnte (seachas SCI)	Déanfar córais SCI ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil de suas le 12 kW agus an toilleadh sin san áireamh a thuairisciú i Roinn 11_A2a3.  $11\_A2a2 = 11\_A2a2i + 11\_A2a2ii + 11\_A2a2iii$



				FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
			A2a2i	— de sin: córais aer go haer	
			A2a2ii	— de sin: córais aer go huisce	
			A2a2iii	— de sin: córais ilroinnte eile	Sonrófar an cineál córais.
				CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH	
		11_A2a3		— de sin: córais sreafa cuisneáin inathraithe (SCI)	11_A2a3 = 11_A2a3i+ 11_A2a3ii+ 11_A2a3iii
				FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
			A2a3i	— de sin: córais aer go haer	
			A2a3ii	— de sin: córais aer go huisce	
			A2a3iii	— de sin: córais SCI eile	Sonrófar an cineál córais.
				CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH	
	11_A2b			— de sin: ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil de níos mó ná 12 kW	Trealamh dá dtagraítear i bpointe 9(e) agus i bpointe 9(f) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, gan beann ar acmhainneacht téimh dhomhanda na ngás imshrianta. 11_A2b = 11_A2b1+ 11_A2b2 + 11_A2b3
		11_A2b1		— de sin: córais aonair roinnte (seachas SCI)	Ba cheart córais SCI ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil de níos mó ná 12 kW a thuairisciú i Roinn 11_A2b3 11_A2b1 = 11_A2b1i+ 11_A2b1ii+ 11_A2b1iii
				FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
			A2b1i	— de sin: córais aonair roinnte aer go haer	
			A2b1ii	— de sin: córais aonair roinnte aer go huisce	
			A2b1iii	— de sin: córais aonair roinnte eile	Sonrófar an cineál córais.
				CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH	
		11_A2b2		— de sin: córais ilroinnte (seachas SCI)	Déanfar córais SCI ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil de níos mó ná 12 kW a thuairisciú i Roinn 11_A2b3. 11_A2b2 = 11_A2b2i+ 11_A2b2ii+ 11_A2b2iii

				FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
			A2b2i	— de sin: córais aer go haer	
			A2b2ii	— de sin: córais aer go huisce	
			A2b2iii	— de sin: córais ilroinnte eile	Sonrófar an cineál córais.
CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH					
		11_A2b3		— de sin: Córais SCI	11_A2b3 = 11_A2b3i+ 11_A2b3ii+ 11_A2b3iii
				FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
			A2b3i	— de sin: córais aer go haer	
			A2b3ii	— de sin: córais aer go huisce	
			A2b3iii	— de sin: córais SCI eile	Sonrófar an cineál córais.
CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH					
11_B				Trealamh cuisniúcháin do-aistrithe, seachas fuaraitheoirí	Tuairisceofar fuaraitheoirí a thagann faoin sainmhíniú in Airteagal 3, pointe 44 de Rialachán (AE) 2024/573 i Roinn 11_C. Tuairisceofar fuaraitheoirí inchúlaithe faoi 11_A. $11_B = 11_B1 + 11_B2 + 11_B3 + 11_B4 + 11_B5$
				FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
	11_B1			Cuisneoirí agus reoiteoirí tí	Trealamh dá dtagraítear i bpointe (2) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, gan beann ar acmhainneacht téimh dhomhanda na ngás imshrianta.
	11_B2			Cuisneoirí agus reoiteoirí le haghaidh úsáid tráchtála (trealamh féinchuimsitheach)	Trealamh dá dtagraítear i bpointe (3) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, gan beann ar acmhainneacht téimh dhomhanda na ngás imshrianta.
	11_B3			Trealamh cuisniúcháin féinchuimsitheach eile, seachas fuaraitheoirí	Trealamh dá dtagraítear i bpointe (4) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, gan beann ar acmhainneacht téimh dhomhanda na ngás imshrianta, seachas trealamh atá le tuairisciú i Ranna 11_B1 nó 11_B2. Sonrófar an cineál trealamh.
	11_B4			Trealamh cuisniúcháin, seachas fuaraitheoirí, atá ceaptha lena fhuarú go teochtaí faoi bhun – 50 °C	Trealamh dá dtagraítear san eisceacht ar phointe 5(a) agus Uimh. 5(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, gan beann ar acmhainneacht téimh dhomhanda na ngás imshrianta.

	11_B5				Aon trealamh cuisniúcháin eile, seachas fuaraitheoirí	Trealamh dá dtagraítear i bpointe 5 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, gan beann ar acmhainneacht téimh dhomhanda na ngás imshrianta, seachas trealamh atá le tuairisciú i Roinn 11_B4.  Sonrófar an cineál trealamh.
					CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH	
11_C					Fuaraitheoirí do-aistrithe	Tuairisceofar fuaraitheoirí a thagann faoin sainmhíniú in Airt-eagal 3, pointe 44 de Rialachán (AE) 2024/573 anseo (11_C).  $11_C = 11_{C1} + 11_{C2}$
	11_C1				— de sin: ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil de suas le 12 kW agus an toilleadh sin san áireamh	$11_{C1} = 11_{C1a} + 11_{C1b}$
					FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
		11_C1a			— de sin: Tá siad ceaptha lena bhfuair go teocht faoi bhun – 50 °C	Trealamh ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil de suas le 12 kW agus an toilleadh sin san áireamh san eisceacht ar phointe 7(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, gan beann ar an acmhainneacht téimh dhomhanda.
		11_C1b			— de sin: Fuaraitheoirí eile ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil de suas le 12 kW agus an toilleadh sin san áireamh	Trealamh dá dtagraítear i bpointí 7(b) agus 7(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, gan beann ar an acmhainneacht téimh dhomhanda, seachas trealamh atá le tuairisciú i Roinn 11_C1a.
					CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH	
	11_C2				— de sin: ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil de níos mó ná 12 kW	$11_{C2} = 11_{C2a} + 11_{C2b}$
					FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
		11_C2a			— de sin: Tá siad ceaptha lena bhfuair go teocht faoi bhun – 50 °C	Trealamh ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil de níos mó ná 12 kW a áirítear san eisceacht ar phointe 7(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, gan beann ar acmhainneacht téimh dhomhanda an chuisneáin atá ann.
		11_C2b			— de sin: Fuaraitheoirí eile ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil de níos mó ná 12 kW	Trealamh dá dtagraítear i bpointe 7(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, gan beann ar acmhainneacht téimh dhomhanda an chuisneáin atá ann, seachas trealamh atá le tuairisciú i roinn 11_C2a.
					FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA

11_D				Trealamh cuisniúcháin, trealamh aerchóiriúcháin agus teaschaidéil do-aistrithe eile	Sonrófar an cineál trealamh.
				CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH	
11_E				Trealamh cuisniúcháin soghluaiste	$11_E = 11_{E1} + 11_{E2} + 11_{E3} + 11_{E4}$
				FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
	11_E1			Trealamh cuisniúcháin soghluaiste le haghaidh feithiclí cuisniúcháin saothair éadroim (e.g. veaineanna)	
	11_E2			Trealamh cuisniúcháin soghluaiste le haghaidh feithiclí cuisniúcháin tromshaothair (lena n-áirítear trucaílí agus leantóirí)	
	11_E3			Trealamh cuisniúcháin soghluaiste le haghaidh longa cuisniúcháin	
	11_E4			Aon trealamh cuisniúcháin soghluaiste eile	Sonrófar an cineál trealamh (e.g. lena n-áirítear nuair a ionchorpraítear é i bhfeithiclí, longa, traenacha, eitleáin, innealra soghluaiste nach innealra bóthair é etc.).
				CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH	
11_F				Trealamh aerchóiriúcháin soghluaiste	$11_F = 11_{F1} + 11_{F2} + 11_{F3} + 11_{F4} + 11_{F5} + 11_{F6} + 11_{F7} + 11_{F8} + 11_{F9}$
				FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
	11_F1			Trealamh aerchóiriúcháin soghluaiste le haghaidh gluaisteáin paisinéirí	
	11_F2			Trealamh aerchóiriúcháin soghluaiste le haghaidh busanna	
	11_F3			Trealamh aerchóiriúcháin soghluaiste le haghaidh veaineanna (feithiclí saothair éadroim)	
	11_F4			Trealamh aerchóiriúcháin soghluaiste le haghaidh trucaílí agus leantóirí (feithiclí tromshaothair)	
	11_F5			Trealamh aerchóiriúcháin soghluaiste le haghaidh feithiclí agus innealra talmhaíochta, foraoiseachta agus tógála	
	11_F6			Trealamh aerchóiriúcháin soghluaiste le haghaidh feithiclí iarnróid	
	11_F7			Trealamh aerchóiriúcháin soghluaiste le haghaidh long	
	11_F8			Trealamh aerchóiriúcháin soghluaiste le haghaidh aerárthaí agus héileacaptar	

	11_F9			Aon trealamh aerchóiriúcháin soghluaiste eile	Sonrófar an cineál trealamh (e.g. lena n-áirítear nuair a ionchorpraítear é i bhfeithiclí, longa, traenacha, eitleáin, innealra soghluaiste nach innealra bóthair é etc.).
				CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH	
11_G				Iomlán maidir le trealamh cuisniúcháin, trealamh aerchóiriúcháin nó teaschaidéil eile	$11_G = 11_A + 11_B + 11_C + 11_D + 11_E + 11_F$
11_H				Táirgí cúir	$11_H = 11_{H1} + 11_{H2} + 11_{H3} + 11_{H4}$
				FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
	11_H1			Boird agus painéil inslithe polaistiréine easbhrúite (XPS)	Déanfar cainníochtaí clár XPS a thuairisciú in aonaid de mhéadair chiúbacha (in aice le cainníochtaí gás fluairínithe atá cuimsithe in aonaid de thonaí méadracha).
	11_H2			Cláir agus painéil inslithe polúireatán (PU)	Déanfar cainníochtaí clár PU a thuairisciú in aonaid de mhéadair chiúbacha (in aice le cainníochtaí gás fluairínithe atá cuimsithe in aonaid de thonaí méadracha).
	11_H3			Cúir aon-chomhábhair (OCF)	Píosáí cannaí OCF a bheidh san aonad tomhais do chainníochtaí OCF (in aice le cainníochtaí gás fluairínithe atá ar áireamh in aonaid de thonaí méadracha).
	11_H4			Táirgí eile cúir	Sonrófar catagóir/catagóirí an táirge. Déanfar cúir i dtrealamh a thuairisciú anseo. Allmhairí polól réamhchumaiscthe (e.g. i gcórais pholúireatáin), ní thuairisceofar in 11_H4 anseo iad, ach i Roinn 2. Déanfar cainníochtaí táirgí cúir a thuairisciú in aonaid de mhéadair chiúbacha, de thonaí méadracha, nó de phíosáí táirge/trealamh (in aice le cainníochtaí gás fluairínithe atá cuimsithe in aonaid de thonaí méadracha).
11_I				Trealamh cosanta ar dhóiteáin (lena n-áirítear córais agus múchtóirí dóiteáin atá ionchorpraithe i bhfeithiclí)	
				CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH	
11_J				Aerasóil leighis nó chógaisíochta	$11_J = 11_{J1} + 11_{J2}$
				FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
	11_J1			Análóirí dáileoige méadraithe chun comhábhair chógaisíochta a sheachadadh	Análóirí dáileoige méadraithe chun comhábhair chógaisíochta a sheachadadh dá dtagraítear in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2024/573.

	11_J2				Aerasóil eile leighis nó chógaisíochta	Sonrófar na cineálacha aerasóil, aerasóil a chumhdaítear le pointe 20 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573 a thuairisciú i Roinn 11_L1.
11_K					Aerasóil neamhleighis	
					CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH	
11_L				11_L	Táirgí agus trealamh leighis agus pearsanta eile	$11_L = 11_L1 + 11_L2 + 11_L3$
					FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
	11_L1				Táirgí cúraim phearsanta	Táirgí dá dtagraítear i bpointe 20 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573. Déanfar cainníochtaí táirgí a thuairisciú in aonaid de ghlantóirt táirge, glanmheachán táirge nó aonaid táirgí (in aice le cainníochtaí gás fluairínithe atá cuimsithe in aonaid de thonaí méadracha).
	11_L2				Trealamh a úsáidtear chun an craiceann a fhuarú	Trealamh dá dtagraítear i bpointe 21 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573.
	11_L3				Táirge nó trealamh leighis eile	Sonrófar an cineál táirgí nó trealaimh. Is éard a bheidh san aonad tomhais do chainníochtaí táirgí agus trealaimh glantóirt táirge, glanmheáchan táirgí nó aonaid táirge nó trealaimh (in aice le cainníochtaí gás fluairínithe atá cuimsithe in aonaid de thonaí méadracha).
					CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH	
11_M				11_M	Trealamh chun leictreachas a tharchur agus a dháil-eadh	$11_M = 11_M1 + 11_M2 + 11_M3 + 11_M4 + 11_M5$
					FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
	11_M1				Laschtrealamh leictreach meánvoltais le haghaidh dáileadh príomhúil agus tánaisteach suas le 24 kV agus an voltas sin san áireamh	In ionad líon na n-aonad, déanfar líon na n-aonad feidhmiúil a thuairisciú gona gcainníochtaí substaintí gaolmhara.
	11_M2				Laschtrealamh leictreach meánvoltais le haghaidh dáileadh príomhúil agus tánaisteach ó níos mó ná 24 kV suas le 52 kV agus an voltas sin san áireamh	In ionad líon na n-aonad, déanfar líon na n-aonad feidhmiúil a thuairisciú gona gcainníochtaí substaintí gaolmhara.

	11_M3				Laschtreamh leictreach ardvoltais ó níos mó ná 52 kV de suas le 145 kV agus an méid sin san áireamh agus suas le sruth ciorcaid ghearr 50 kA agus an méid sin san áireamh	In ionad líon na n-aonad, déanfar líon na n-aonad feidhmiúil a thuairisciú gona gcainníochtaí substaintí gaolmhara.
	11_M4				Laschtreamh leictreach ardvoltais ar mó é ná 145 kV nó ar mó é ná 50 kA de shruth gearrchiorcaid	In ionad líon na n-aonad, déanfar líon na n-aonad feidhmiúil a thuairisciú gona gcainníochtaí substaintí gaolmhara.
	11_M5				Treamh eile chun leictreachas a tharchur agus a dháileadh	Sonrófar an cineál treamh agus an leibhéal voltais.
11_N					Treamh leictreach eile	Sonrófar an cineál treamh agus an leibhéal voltais.
					CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH	
11_O					Luasairí cáithníní	$11\_O = 11\_O1 + 11\_O2 + 11O\_3 + 11\_O4$
					FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
	11_O1				Luasaire cáithníní leighis	
	11_O2				Micreascóip leictreon	
	11_O3				Luasaire cáithníní taighde	
	11_O4				Luasaire eile cáithníní	Sonrófar cineál an luasaire cáithníní.
11_P					Táirgí agus treamh eile ina bhfuil gás a liostaítear in Iarscríbhinní I, II nó III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573	Sonrófar catagóir/catagóirí an táirge nó an treamh. Is éard a bheidh san aonad tomhais do chainníochtaí táirgí nó treamh glantoirí táirge, glanmheáchan táirge nó aonaid táirge nó treamh (in aice le cainníochtaí gás fluairínithe atá cuimsithe in aonaid de thonaí méadracha).
					CAINNÍOCHTAÍ ARNA RÍOMH GO HUATHOIBRÍOCH	
11_Q					Iomlán na dtáirgí agus an treamh ina bhfuil gás fhluarínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I, II nó III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573	$11\_Q = 11\_G + 11\_H + 11\_I + 11\_J + 11\_K + 11\_L + 11\_M + 11\_N + 11\_O + 11\_P$
11_R					Iomlán na dtáirgí agus an treamh a chumhdaítear le hAirteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2024/573	I gcás hidreafluarcarbón amháin. $11\_R = 11\_G + 11\_J1$ (†)

(†) Ní chuirfear an luach le haghaidh réimse 11\_J1 san áireamh le haghaidh na bliana 2024 agus 11\_R á ríomh.

**Roinn 12: Le líonadh isteach ag allmhairí trealamh cuisniúcháin, trealamh aerchóiriúcháin nó teaschaidéil nó ag análóirí dáileoige méadraithe a luchtaitear le hidreafluarcarbóin, i gcás ina ndearnadh na hidreafluarcarbóin atá sa trealamh nó sna táirgí allmhairithe a onnmhairiú ón Aontas roimhe sin agus i gcás ina bhfuair monaróirí trealamh nó táirgí iad go díreach ón ngnóthas onnmhairiúcháin, agus i gcás ina raibh siad faoi réir an teorannaithe cuóta hidreafluarcarbón maidir lena gcur ar mhargadh an Aontais - Airteagal 26(7) de Rialachán (AE) 2024/573 agus pointe 6 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin**

Tuairisceofar cainníochtaí i dtionála méadracha agus cruinneas go dtí an tríú hionad deachúil (más 5 nó níos mó é an ceathrú hionad deachúil, slánófar suas an tríú hionad deachúil, seachas sin slánófar síos é), ar leithligh i gcás gach hidreafluarcarbóin (gáis a liostaítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573 nó meascán ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na gáis sin).

	FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
12A	Méid na hidreafluarcarbón atá luchtaithe sa trealamh cuisniúcháin, sa trealamh aerchóiriúcháin nó i dteaschaidéil allmhairithe, arna scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas ag lucht custaim, a ndearnadh na hidreafluarcarbóin a onnmhairiú ón Aontas ina leith roimhe sin agus a bhí faoi réir an teorannaithe cuóta hidreafluarcarbón maidir lena gcur ar mhargadh an Aontais.	Tá feidhm aige maidir le hidreafluarcarbóin atá i dtrealamh cuisniúcháin, i dtrealamh aerchóiriúcháin nó i dteaschaidéil allmhairithe atá san áireamh sna méideanna a thuiriscítear i roinn 11_G.  Sonrófar an gnóthas onnmhairithe hidreafluarcarbóin nó na gnóthais onnmhairithe hidreafluarcarbóin agus an bhliain onnmhairithe nó na blianta onnmhairithe.  Sonrófar an gnóthas/na gnóthais a chuir na hidreafluarcarbóin ar mhargadh an Aontais den chéad uair agus an bhliain/na blianta sin inar cuireadh ar an margadh iad.
12B	Méid na hidreafluarcarbón atá luchtaithe sna hanálóirí dáileoige méadraithe a allmhairítear, arna scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas ag lucht custaim, a ndearnadh na hidreafluarcarbóin a onnmhairiú ón Aontas ina leith roimhe sin agus a bhí faoi réir an teorannaithe cuóta an teorannaithe maidir lena gcur ar mhargadh an Aontais.	Infheidhme den chéad uair maidir le tuairisciú ar ghníomhaíochtaí a dhéantar in 2025 (faoin 31 Márta 2026 ar a dhéanaí).  Tá feidhm aige maidir le hidreafluarcarbóin atá in análóirí dáileoige méadraithe allmhairithe atá san áireamh sna méideanna a thuiriscítear i roinn 11_J1.  Sonrófar an gnóthas onnmhairithe hidreafluarcarbóin nó na gnóthais onnmhairithe hidreafluarcarbóin agus an bhliain onnmhairithe nó na blianta onnmhairithe.  Sonrófar an gnóthas/na gnóthais a chuir na hidreafluarcarbóin ar mhargadh an Aontais den chéad uair agus an bhliain/na blianta sin inar cuireadh ar an margadh iad.

**Roinn 12a: Le líonadh isteach ag allmhairí trealamh cuisniúcháin, trealamh aerchóiriúcháin nó teaschaidéil nó ag análóirí dáileoige méadraithe atá luchtaithe le hidreafluarcarbóin, i gcás inar cuireadh an trealamh nó na táirgí allmhairithe (lena n-áirítear lucht na hidreafluarcarbón) ar mhargadh an Aontais roimhe sin agus inar onnmhairíodh ón Aontas ina dhiaidh sin iad roimh an ath-allmhairiú - Airteagal 26(7) de Rialachán (AE) 2024/573 agus pointe 6 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin**

Tuairisceofar cainníochtaí i dtionála méadracha agus cruinneas go dtí an tríú hionad deachúil (más 5 nó níos mó é an ceathrú hionad deachúil, slánófar suas an tríú hionad deachúil, seachas sin slánófar síos é), ar leithligh i gcás gach hidreafluarcarbóin (gáis a liostaítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573 nó meascán ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na gáis sin).



	FAISNÉIS A BHEIDH LE TUAIRISCIÚ	NÓTAÍ TRÁCHTA
1 2aA	Méid na hidreafluarcarbón atá luchtaithe sa trealamh cuisniúcháin, sa trealamh aerchóiriúcháin nó i dteaschaidéil allmhairithe, i gcás inar cuireadh an trealamh (lena n-áirítear lucht na hidreafluarcarbón) ar mhargadh an Aontais roimhe sin agus inar onnmhairíodh é ina dhiaidh sin ón Aontas roimh an ath-allmhairiú	Tá feidhm aige maidir le trealamh cuisniúcháin, trealamh aerchóiriúcháin nó teaschaidéil allmhairithe atá san áireamh sna méideanna a thuairiscítear i Roinn 11_G.  Sonrófar an gnóthas onnmhairithe trealaimh nó na gnóthais onnmhairithe trealaimh agus an bhliain onnmhairithe nó na blianta onnmhairithe.  Sonrófar an gnóthas/na gnóthais a chuir na hidreafluarcarbóin nó an trealamh réamhluchtaithe ar mhargadh an Aontais den chéad uair agus an bhliain/na blianta sin inar cuireadh ar an margadh iad.
1 2aB	Méid na hidreafluarcarbón atá luchtaithe sna hanálóirí dáileoige méadraithe, i gcás inar cuireadh na hanálóirí (lena n-áirítear lucht na hidreafluarcarbón) ar mhargadh an Aontais roimhe sin agus inar onnmhairíodh ón Aontas ina dhiaidh sin iad roimh an ath-allmhairiú	Infheidhme den chéad uair maidir le tuairisciú ar ghníomhaíochtaí a dhéantar in 2025 (faoin 31 Márta 2026 ar a dhéanaí).  Tá feidhm aige maidir le hanálóirí dáileoige méadraithe allmhairithe atá san áireamh sna méideanna a thuairiscítear i roinn 11_J1.  Sonrófar an gnóthas onnmhairithe trealaimh nó na gnóthais onnmhairithe trealaimh agus an bhliain onnmhairithe nó na blianta onnmhairithe.  Sonrófar an gnóthas/na gnóthais a chuir na hidreafluarcarbóin nó na hanálóirí dáileoige méadraithe ar mhargadh an Aontais den chéad uair agus an bhliain/na blianta sin inar cuireadh ar an margadh iad.

**Tuarascáil nialais** Le líonadh isteach ag gnóthais ar leithdháileadh cuóta orthu de bhun Airteagal 17(4) de Rialachán (AE) 2024/573, nó a fuair cuótaí de bhun Airteagal 21(1) den Rialachán sin ach nár chuir aon chainníocht hidreafluarcarbón ar an margadh sa bhliain féilire ar cuireadh an tuarascáil isteach ina leith - Airteagal 26(1), an dara fómhír, de Rialachán (AE) 2024/573

Na gnóthais nach dtuairiscíonn aon hidreafluarcarbón (gáis a liostaítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573 nó meascáin ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na gáis sin) a chuirtear ar mhargadh an Aontais i Roinn 4M, deimhneoidh siad nach bhfuil gníomhaíochtaí gaolmhara ann.